# Clár Oibre le haghaidh Éisteacht ó Bhéal ABP-320505-24

| | |
|---|---|
| **Dáta** | 8 Bealtaine 2025 |
| **Am Tosaithe** | 10.00am |
| **Láthair** | Go fíorúil trí Microsoft Teams |

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do na páirtithe uile, ar mian leo déanamh amhlaidh, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh lasmuigh de na hagóidí scríofa uathu agus deis a thabhairt don chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheisteanna iomchuí a bheidh tagtha chun cinn agus ar aon agóidí a bheidh déanta. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur agus soiléiriú a lorg ar na haighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht freisin.

Níl aon oibleagáid ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh chuig an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an cigire agus an Bord breithniú ar na haighneachtaí scríofa uile a bheidh faighte cheana féin. Ar an gcúis sin, níor cheart aon aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a dhéanamh arís ag an éisteacht ó bhéal.

Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná aon dlínse ag an mBord maidir le cinneadh nó measúnú a dhéanamh ar chúiteamh, agus ba cheart an méid sin a chur san áireamh in aon aighneacht a dhéanfar chuig an éisteacht seo, toisc nach n-éascófar aon díospóireacht ar bith maidir le cúiteamh.

Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh chun an t-ordú ceannaigh éigeantaigh a dheimhniú nó a neamhniú.

Féadfaidh an Bord a ordú go ndéanfaí ranníocaíocht i leith na gcostas a bheidh ag baint le haon duine a bheith ag láithriú ag éisteacht ó bhéal, ar costais iad a bheidh tabhaithe ag an duine sin mar thoradh ar láithriú ag an éisteacht. Is faoi rogha an Bhoird a bheidh aon íocaíocht.  Ba cheart aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtaine ó dháta na héisteachta seo.

Má tá sé beartaithe agat cóipeanna scríofa a sholáthar de d'aighneacht, ní fhéadfar glacadh leo sin ach amháin i gcás go mbeidh cóipeanna ar fáil do na páirtithe uile ag an éisteacht. Ba cheart dhá chóip d'aon doiciméid scríofa a chur isteach le haghaidh chomhad an Bhoird freisin.

Tá an clár oibre, an t-ord láithrithe agus an t-amchlár don éisteacht ó bhéal leagtha amach thíos. Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara gur amchlár táscach é an t-amchlár seo agus gur féidir go dtiocfaidh athruithe air le linn na héisteachta ó bhéal.

## Clár Oibre

| 8 Bealtaine 2025 | |
|---|---|
| **Am** | **Topaic** |
| **10.00am** | Oscailt na héisteachta ó bhéal ag an gCigire |
| **10.15am:** | <u>Aighneacht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge:</u><br>i. Forbhreathnú achomair ar an ordú ceannaigh éigeantaigh<br>ii. An t-údar leis an bhfáil talún, agus tagairt á déanamh do na roghanna eile a breithníodh.<br>iii. An freagra ar an aighneacht scríofa a rinne an tAgóideoir<br>(30 Nóiméad) |
| **10.45am:** | <u>An aighneacht ón Agóideoir, ina dtabharfar tuilleadh mionsonraí faoin aighneacht scríofa:</u><br>• Twig Bog Ltd, faoi chúram Whelan Solicitors LLP.<br>• An freagra ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge díreach ina dhiaidh sin.<br>(30 Nóiméad) |
| **11.15am** | **Sos (15 Nóiméad)** |
| **11.30am** | <u>Ceisteanna idir na páirtithe mar a leanas:</u><br>i. Ceisteanna ón Agóideoir ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.<br>ii. Ceisteanna ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar an Agóideoir<br>iii. Ceisteanna ón gCigire ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus/nó ar an Agóideoir<br>(45 Nóiméad) |

| **8 Bealtaine 2025** | |
|---|---|
| **Am** | **Topaic** |
| | Barúlacha Deiridh (más gá):<br><br>i. Agóideoir<br><br>ii. Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge<br><br>iii. Dúnadh na hÉisteachta ó Bhéal ag an gCigire |